

Comhrá 20: A New Baby

[Role-play with phonetics]

Múinteoir:

Mora dhaobh ar maidin, a leaná!
/Morr-ra yeov air maw-dinn, a lyan-ee!/?

Good morning, children!

An bhfuil aon nuacht agaibh dom tar éis an deireadh seachtaine?
/Un wil ay-un noo-ukth a-gwiv dum tar aysh un derr-eh shokh-thin-eh?/?

Do you have any news for me after the weekend?

Tomás:

Mise! Mise!
/Mish-eh! Mish-eh!/?

Me! Me!

Múinteoir:

Inis dúinn, a Thomáis.
/In-ish doo-in, a Hum-aw-ish/

Tell us, Tomás.

Tomás:

Tá deirfiúr nua agam!
/Thaw drif-oo-ur noo-ah ah-gum!/

I have a new sister!

Múinteoir:

Á, tá sé sin go hiontach, a chroí!
/Aw, thaw shat shin guh hoo-tukh, a khree/

Aw, that is great, my dear!

An bhfuil ainm aici fós?
/Un wil an-im a-kih fose?/

Does she have a name yet?

Tomás:

Róise is ainm di.
/Ro-ish-eh iss an-im dih/

Her name is Róise.

Tá gruaig rua uirthi.
/Thaw groo-ig roo-ah irr-hih/

She has red hair.

Rugadh oíche Dé Sathairn í.
/Rug-ukh ee-heh Day Sa-hirn ee/

She was born on Saturday night.

Múinteoir:

Ar rugadh?
/Air rug-ukh?/

Was she?

Agus an bhfuil sibh tar éis cuairt a thabhairt ar Róise agus Mam san ospidéal?
/Ah-guss un wil shiv thar aysh koo-irt ah hoo-irt air Ro-ish-eh ah-guss Mom sun owe-spid-ay-ul/

And have you visited Róise and Mam in the hospital?

Tomás:

Níl.
/Neel/

No.

Sa bhaile a rugadh í.
/ Suh voh-leh a rug-ukh ee/

She was born at home.

Deir Mamaí nach galar é an toircheas, agus nach gá dul go dtí an t-ospidéal i gcónaí.
/Derj Mom-ee nokh gol-ur ay un thirr-khuss, a-guss nokh gaw dul guh dee un towe-spid-ay-ul i goe-nee/

Mammy says that pregnancy is not an illness, and that it is not always necessary to go to the hospital.

Múinteoir:

Is fíor sin, is dócha.
/Iss fee-ur shin, iss dow-kuh/

That is true, I suppose.

Tomás:

Tháinig an bhean ghlúine go dtí an tigh chomh luath is a tháinig tinneas linbh ar Mhamái.
/Haw-in-ig un van ghloo-in-eh guh dee un tig khow loo-ah iss a haw-in-ig tin-uss lin-iv air Vom-ee/

The mid-wife came to the house as soon as Mammy went into labour.

Thug Daidí go tigh ár Mamó sinne.
/Hug Dad-ee guh tig ore Mom-owe shin-eh/

Daddy brought us to our grandmother's house.

Dúirt sé go mbeadh Mamaí ag búireach ar nós bó ar feadh na hoíche!
/Doo-irt shay guh mbekh Mom-ee egg boo-ir-uckh air noess boe air faag nuh hee-heh! /

He said that Mammy would be bellowing like a cow all night long!

Múinteoir:

An rógaire!
/Un roe-girr-eh! /

The rogue!

Tomás:

Bhuel, deir Mamaí gur stail asail é Daidí, agus go mbíonn sé ag srannadh ar nós míl mhóir istoíche!

/Well, derj Mom-ee gur stah-il os-ill ay Dad-ee, a-guss guh mee-un shay egg ssran-ah air noes meel voo-irr is-thee-heh/

Well, Mammy says that Daddy is a jackass, and that he does be snoring like a whale at night!

Múinteoir:

Bhuel, is ainmhithe Dé sinn ar fad, i gcruth amháin nó i gcruth eile!

/Well, iss an-iv-ih-heh day shin air fodd, i gkruth a-vaw-in noe i gkruth eh-il-eh/

Well, we are all God's creatures, in one shape or another!

An mó deartháir agus deirfiúr atá agat anois, a Thomáis?

/Un moe dreh-hawr-ukha ah-guss dreh-foor a-thaw a-nish, a Hum-aw-ish?/

How many brothers and sisters do you have now, Tomás?

Tomás:

Is mise an t-aon bhuachaill sa chlann.

/Iss mish-eh un tay-un voo-akh-il suh khlown/

I am the only boy of the children.

Tá ceathrar deirfiúracha agam – Áine, Gráinne, Aoife agus Laoise.

/Thaw kah-rur dreh-foor-ukha a-gum – Aaw-in-eh, Graw-in-eh, Ee-feh a-guss Leesh-eh/

I have four sisters – Áine, Gráinne, Aoife and Laoise.

Múinteoir:

An bhfuil aon duine dearmadta ansin agat, a Thomáis?

/Un will ay-un dinn-eh darr-ood-thuh un-shin a-guth, a Hum-aw-ish?/

Have you forgotten anyone there, Tomás?

Tomás:

Ó! Is ea, Róise bheag!

/Owe! Sha, Ro-ish-eh vyug/

Oh! Yes, little Róise!

©Bitesize Irish 2024.